C/2025/6081

10.11.2025

Foilsiú iarratais ar chlárú táisc gheografaigh de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2025/6081)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Liptovské šialence’

Uimh. AE: PGI-SK-03317

Arna chur isteach an 12.8.2024

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Liptovské šialence’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC ☐ TGFC ☒

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an tSlóvaic

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

21 - ULLMHÓIDÍ INITE ILGHNÉITHEACHA

2106 – Ullmhóidí bia nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is ispín uathúil é ‘Liptovské šialence’ a dhéantar trí mhodhanna traidisiúnta a úsáid. Saintréith speisialta de chuid an táirge is ea an líonadh prátaí ina bhfuil geirdheascadh agus spíosraí, agus é brúite isteach i gcásálacha inní caorach nádúrtha. Is táirge meatach é ‘Liptovské šialence’.

Bíonn cruth sonrach seilide ar leith (casta/catach) ar an táirge, rud atá neamhghnách i gcás ispín fola. Tar éis í a líonadh, bíonn an chásáil idir 14 agus 30 mm ar trastomhas; bíonn sí idir 200 agus 450 mm ar fad; agus bíonn meáchan idir 100 agus 400 g inti. Tar éis an táirge a líonadh, tá sé éasca é a mhúnlú mar gheall ar a thiús. Déantar an chásáil a phacáil go teann leis an líonadh, atá déanta as prátaí grátáilte, geirdheascadh meilte, oinniún agus spíosraí, agus bíonn uigeacht íogair aici. Bíonn 75–85 % prátaí, 8–10 % geirdheascadh, 5 % blonag agus suas le 1,7 % salann i gcileagram amháin den táirge.

Bíonn raimhre an táirge bog. Bíonn a dhromchla réidh, measartha tais agus aonfhoirmeach. Bíonn dath liath éadrom ar dhromchla an táirge agus dath liathbhuí ar an táirge nuair a bhíonn sé slisnithe. Dea-bholadh agus blas prátaí agus spíosraí a bhíonn ar an táirge.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Díoltar 'Liptovské šialence' agus é cócaráilte. Déantar iad a dhonnú i bpanna nó san oigheann i gcruth seilide agus itear láithreach iad.

Amhábhair agus comhábhair:

— prátaí,

— saill droma muiceola (úr nó reoite),

— blonag,

— oinniúin,

— oragán cumhra,

— piobar dubh,

— salann,

— gairleog,

— inní caorach,

— plúr seimilín.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Tarlaíonn an próiseas táirgthe iomlán go heisiach laistigh den limistéar geografach sainithe, leantar na céimeanna seo a leanas:

— cuirtear na cásálacha ar maos agus a nitear iad 24 huaire an chloig sula n-úsáidtear iad

— nitear na prátaí agus an craiceann orthu

— baintear an craiceann de na prátaí, glantar agus nitear iad

— friochtar na slisní oinniún mionghearrtha i mblonag

— grátáiltear na prátaí go mion

— mionghearrtar an tsaill droma muiceola agus friochtar í ansin chun geirdheascadh a dhéanamh

— meiltear an geirdheascadh, an t-oinniún friochta agus an ghairleog go mion

— cuirtear blastanas leis

— measctar go maith é

— cuirtear an plúr seimilín leis agus measctar é

— líontar an chásáil

— bruitear go mall iad – cuirtear na 'Liptovské šialence' isteach in uisce ag teocht thart ar 90 °C agus bruitear go mall iad fad a chorraítear iad leanúnach go dtí go n-éiríonn siad go dtí barr an uisce. Baintear den teas iad ansin agus tógtar amach as an uisce iad.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá réigiún Liptov suite i dtuaisceart na Slóvaice, sa chuid thoir theas de réigiún féinrialaitheach Žilina, i nGleann Liptov, atá timpeallaithe ag Ardtatra san oirthear, ag Sléibhte Tatra Thiar agus Choč ar an taobh ó thuaidh, ag na Tatras Íseal ó dheas agus ag an Mór-Raon Fatra san iarthar. Ó thaobh na tíreolaíochta de, is dlúthlimistéar é Liptov, ina bhfuil ceantair Liptovský Mikuláš agus Ružomberok.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch bunaithe ar cháilíocht, ar shaintréithe agus ar cháil 'Liptovské šialence'.

Bhí limistéar geografach sainithe Liptov ina limistéar tábhachtach i gcónaí maidir le prátaí a shaothrú sa tSlóvaic agus, an tráth céanna, tá sé neamhthuilleamaíoch maidir le feirmeoireacht stoic. Fuair áitritheoirí Liptov go raibh an-tairbhe eacnamaíoch ag baint leis an úsáid is mó is féidir a bhaint as scairteach.

Sainiúlacht an táirge (saineolas na dtáirgeoirí áitiúla)

Gné idirdhealaitheach de 'Liptovské šialence' is ea práta a chur in ionad na comhpháirte ispín; go deimhin, is é an práta príomh-chomhábhar 'Liptovské šialence', arb é 75 go 85 % den táirge. Bíonn an líonadh prátaí déanta as prátaí amha grátáilte, a gcuirtear na comhábhair uile leis de réir a chéile, agus cuirtear an plúr seimilín leis mar oibreán táthaithe. Braitheann an méid plúir seimilín a úsáidtear ar chion uisce na bprátaí; Is iad na déantóirí a bhfuil taithí acu amháin atá in ann an méid ceart a thomhas, ionas go mbeidh an dea-bholadh prátaí clasaiceach ar an táirge. Ar an gcaoi chéanna, tá taithí ag teastáil chun an t-am cócaireachta a mheas ionas nach bpléascfaidh an chásáil agus nach sceithfidh an líonadh, agus ionas gur féidir an táirge a fhuarú ina dhiaidh sin. Déantar 'Liptovské šialence' a bhrú isteach i gcásálacha caorach tanaí, rud a imríonn tionchar ar an raimhre a leanann as sin agus a thugann uigeacht níos brisce don táirge tar éis é a bheith donnaithe agus, dá réir sin, don eispéireas blais a bhaineann leis. Is sa chríoch shainithe amháin a tháirgtear 'Liptovské šialence'.

Cáilíocht agus clú

Le fada an lá, is é 'Liptovské šialence' an sólaiste is fearr le muintir Liptov ar ócáidí speisialta de gach cineál, amhail aontaí agus féilte. Sa lá atá inniu ann, tá an tóir chéanna ar an sólaiste agus a bhí air riamh. Gach bliain, eagraíonn baile Liptovský Mikuláš féile Švábkafest (i réigiún Liptov ar a dtugtar 'švábka' ar focal é a chiallaíonn 'práta' sa ghnáthchaint). I réigiún Liptov, tá an Švábkafest á eagrú le roinnt blianta anuas ní amháin chun tacú le traidisiún an tsaothraithe prátaí ach chun tacú freisin le traidisiún saothraithe na dtáirgí uile atá bunaithe ar phrátaí, lena n-áirítear 'Liptovské šialence'.

Déanann ardcháilíocht agus cáil na dtáirgí traidisiúnta réigiúnacha (lena n-áirítear 'Liptovské šialence') ar ardcháilíocht agus cáil í a scaiptear ní hamháin de réir briathra béil, ach ar líne freisin agus trí mheáin eile sa tSlóvaic agus thar lear, cuairteoirí áitiúla agus eachtracha a mhealladh.

Léirítear cáilíocht agus sár-cháil 'Liptovské šialence' toisc go dtairgtear an táirge i mbialanna mar shólaiste traidisiúnta na Slóvaice nó mar shainearra traidisiúnta de chuid réigiún Liptov agus toisc go gcuirtear ar fáil ag bainiseacha é freisin. Tá cáil an táirge bunaithe ní hamháin ar cháilíocht ach ar an oideas traidisiúnta a chaomhnú freisin. Sampla amháin de sin is ea an gnólacht Gurmán - teaghlach Tkáč s.r.o., a bhfuil Liptovské šialence á dhéanamh aige ó bhí 1965 ann.

Fógraítear an táirge go forleathan ar na meáin shóisialta, ar an teilifís agus ag imeachtaí éagsúla amhail Radvanský jarmok (Aonach Radvaň) in Banská Bystrica, ar aonach é a bhíonn ar siúl le linn an dara deireadh seachtaine de mhí Mheán Fómhair gach bliain; is é an t-aonach is mó a bhfuil eolas air sa tSlóvaic é agus tá sé ar liosta oidhreachta cultúir doláimhsithe na tíre ó bhí 2011 ann. Cuireann an táirge príomhbhia i láthair – an práta, atá flúirseach sa réigiún – i gcruth difriúil, speisialta agus spéisiúil ó thaobh amhairc de. Bíonn blastanas neamhghnách ag gabháil leis, agus déantar é a phróiseáil agus a chur i láthair ar bhealach nach gnáthbhealach é i gcás prátaí.

Is cruthúnas é 'Liptovské šialence' ar chruthaitheacht chócaireacht na Slóvaice, trínar féidir bia thar a bheith blasta a dhéanamh as bun-chomhábhair.

Scríobh an t-iriseoir Soňa Hudecová-Podhorná faoi cháil agus faoi chlú an táirge i nuachtán FBM an 30 Deireadh Fómhair 2013. In alt dar teideal 'Leanann na cócairí mór le rá de mhiasa nua a chur leis an réimse mias prátaí a bhfuil a lán díobh ann cheana féin' i roinn maidir le 'Taisce na Mias Práta', dúirt sí an méid seo a leanas: 'Tá a cháil tuillte go maith ag "Liptovské šialence" mar thaisce de scoth an domhain'.

San iris idirlín Host'ovo.sk (ar leathanach é a bhfuil cuairt tugtha air 38 331 uair), scríobh an príomheagarthóir Soňa Hudecová, an 22 Feabhra 2021, in alt dar teideal 'Ná téigh ag lorg ispíní Liptovské droby (stampáilte ag an Aontas) sa roinn éanlaithe clóis': 'Tá siblín ag Liptovské droby anois: "Liptovské šialence". Is é an t-aon difríocht eatarthu ná go ndéantar an meascán prátaí a bhrú isteach in inní caorach, atá níos cúinge.'

Nasc cúisíoch

Tá cuma foriomlán agus carachtar foriomlán an réigiúin múnlaithe ag na dálaí nádúrtha agus peidichlíomacha atá fabhrach do shaothrú prátaí agus d'fheirmeoireacht stoic. Ós rud é go ndearnadh beostoc á tógáil roimhe seo lena dhíol nó chun táirgí feola a tháirgeadh, go háirithe ispíní, theastaigh ón gcuid ba bhoichte den daonra bianna comhchosúla a ullmhú freisin. Cuireadh prátaí in ionad chion feola na n-ispíní, ar líonadh é arbh fhurasta teach air. Díreach ar nós ispíní, rinneadh an táirge nua a bhlaistiú le hoinniún, gairleog, piobar dubh, oragán cumhra agus salann. Cuireadh dea-bholadh agus blas saille droma muiceola agus blonag muiceola in ionad dhea-bholadh agus bhlas na feola. Rinneadh an líonadh sin a bhrú isteach sa chásáil.

Is fearr prátaí a fhástar go háitiúil. Mar sin féin, ní dhéanann tionscnamh na bprátaí difear do shaintréithe 'Liptovské šialence'. Is iad an modh próiseála, líonadh prátaí in ionad líonadh na feola agus an múnlú saintréithe sainithe an táirge.

Tá an nasc idir an táirge agus an limistéar geografach sainithe le fáil i seiftiúlacht na ndaoine, ar éirigh leo prátaí a úsáid, a bhí ar fáil go flúirseach sa limistéar, chun líontaí a ullmhú ina bhfuil cumasc cothromaithe de na comhábhair agus de na spíosraí uile (prátaí mionghrátáilte, geirdheascadh meilte lena ngabhann oinniún friochta agus an luibh oragán cumhra) agus, ar an gcaoi sin na comhábhair a úsáidtear le haghaidh líontaí ispíní feola a ionadú agus cruth ar leith a chruthú atá neamhghnách i gcás próiseáil ispíní fola nó próiseáil prátaí.

Díorthaítear ainm an táirge 'Liptovské šialence' ó ainm réigiún Liptov, atá nasctha go stairiúil le saothrú agus próiseáil prátaí, arb é príomh-chomhábhar an táirge é. Maidir leis an dara cuid den ainm 'šialence' – rud a chiallaíonn 'maniac' – is siombail í den tsaothraíocht a bhaineann leis an bpróiseas táirgthe. Sa chanúint áitiúil, tugtar 'Liptovské šialence' ar an líonadh prátaí uathúil sa chásáil agus ar chruth na seilide. Tá an t-ainm sin á úsáid go leanúnach sa limistéar ó bí an chéad leath den 19ú haois ann.

Rinneadh scileanna na ndaoine a tháirgeann 'Liptovské šialence' a fhorbairt ar bhonn eolais agus taithí a tugadh ar aghaidh ó ghlúin amháin go dtí an ghlúin ina dhiaidh, rud a léirítear i gcáilíocht an táirge deiridh. Is iad na daoine a bhfuil taithí acu amháin atá in ann máistreacht a fháil ar chéimeanna casta an phróisis táirgthe (amhail an líonadh prátaí a ullmhú agus an líonadh a bhrú isteach sa chásáil). Maidir le prátaí amha a ghrátáil, maidir le raimhre cheart an líonta, maidir leis gcóimheas ceart idir prátaí agus plúr seimilín (a bhraitheann ar chion uisce an phráta) a áirithiú, maidir leis an am cócaireachta a mheas agus maidir le fuarú an táirge ina dhiaidh sin a mheas, is cúraimí iad a bhfuil na scileanna agus an taithí a fuarthas le linn na forbartha stairiúla fíor-riachtanach chun iad a dhéanamh i gceart.

Léirítear gur sólaiste a bhfuil tóir air é 'Liptovské šialence' agus go bhfuil dlúthbhaint aige leis an réigiún in '*Kuchyňa, zvyky a tradície našich predkov*' ['Cócaireacht, sean-nósanna agus traidisiúin ár sinsear'], arna fhoilsiú ag Bord Turasóireachta Žilina], ina luaitear an méid seo a leanas ar leathanach 17: 'San fhómhar, nuair a mharaítí caoirigh agus nuair a bhíodh go leor inní agus geire ar fáil, d'ullmhaítí šialence (ispíní) i gcuid mhór sráidbhailte.

D'fhéadfadh cuairteoirí teacht ar 'Liptovské šialence' ní hamháin sa Mhúsaem Allamuigh cáiliúil in Pribylina agus i sráidbhailte Liptov uachtarach agus íochtarach (Štiavnička, Smrečany, Lisková, Bobrovec agus eile), ach in óstáin agus i mbialanna sa limistéar geografach sainithe freisin.

Tagairt d'fhoilsiú shonraíocht táirge an táisc gheografaigh

https://www.indprop.gov.sk/swift_data/source/2024/OZ%20a%20DIZAJNY/specifikacia_liptovske_sialence.docx